# RÚN (AE) 2023/1932 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**an 10 Bealtaine 2023**

**ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) don bhliain airgeadais 2021**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0122/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis maidir le hioncam agus caiteachas ([1]), gurbh ionann buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) ('an Ghníomhaireacht') don bhliain airgeadais 2021 agus EUR 53 297 699, a léiríonn méadú 27,81 % i gcomparáid le 2020; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais amháin, nach mór, a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go luaitear sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2021 (an 'tuarascáil ón gCúirt'), go bhfuil dearbhu réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

***Bainistíocht buiséid agus airgeadais***

1. ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go raibh ráta cur chun feidhme buiséid 99,97 % ann mar thoradh ar na hiarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad le linn na bliana airgeadais 2021; ag tabhairt dá haire gur léiriú é ar laghdú bídeach 0,02 % i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire go raibh ráta forfheidhmithe 84,58 % ann i gcás leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, léiriú ar laghdú 0,49 % i gcomparáid le 2020;

**Feidhmíocht**

2. ag tabhairt dá haire go mbaineann an Ghníomhaireacht leas as eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) chun an breisluach arna sholáthar ag a gníomhaíochtaí a mheas agus chun feabhas a chur ar bhainistiú a buiséid; ag tabhairt dá haire gur shainigh an Ghníomhaireacht 59 KPI ina plean oibre bliantúil do 2021 agus 9 KPI ilbhliantúla don straitéis ilbhliantúil (MAS) 2019-2021; ag tabhairt dá haire, seachas KPInna a raibh tionchar ag paindéim COVID-19 orthu agus na KPInna sin a measadh a bheith dothomhaiste nó domheasta, nár bhain an Ghníomhaireacht a spriocanna amach ach i gcás 36 KPI as 49 (73 % bainte amach amhail 2020), agus i gcás 6 KPI ilbhliantúla as 6 (100 %);

3. ag tabhairt dá haire gur lean an Ghníomhaireacht den chomhar oibríochtúil a neartú agus gur leanadh de chásanna a bheith á dtarchur ag ionchúisitheoirí idirchaidrimh, agus gur 290 cás nua a tháinig de in 2021; ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go raibh bearta á ndéanamh ag an nGníomhaireacht i gcónaí chun cur leis an tarchur cásanna idir an Ghníomhaireacht agus an Gréasán Breithiúnch Eorpach (EJN), agus gur cuireadh 44 chás faoi bhráid EJN in 2021; ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go ndearna an Ghníomhaireacht in 2021 éascaíocht ar fhorghníomhú Barántas Gabhála Eorpach a bhain le 480 cás nua agus 713 chás leanúnacha agus gur cumsaíodh úsáid 4 262 Ordú Imscrúdaithe Eorpacha; ag tabhairt dá haire thairis sin gur lorg ionchúisitheoirí náisiúnta ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin cúnamh ar an nGníomhaireacht i gcás 10 105 imscrúdú choiriúla trasteorann (méadú 15 % i gcomparáid le 2020), agus go raibh 4 808 gcás nua a osclaíodh le linn 2021 ina measc agus gur chásanna leanúnacha 5 297 díobh;

([1]) IO C 141, 29.3.2022, lch. 91.

4. ag tabhairt dá haire agus is maith léi go raibh an Ghníomhaireacht ag tabhairt tacaiochta don Choimisiún san ullmhúchán i gcomhair tús caibidlíochta le haghaidh comhaontuithe idirnáisiúnta idir an Aontas agus 13 thríú tír, chun faisnéis oibríochtúil a mhalartú, lena n-áirítear sonraí pearsanta; ag tabhairt dá haire thairis sin gur mhéadaigh gréasán phointí teagmhála na Gníomhaireachta go 60 tír in 2021; ag tabhairt dá haire thairis sin go bhfuil an comhar trasteorann idir an Aontas agus an Ríocht Aontaithe (RA) ag neartú, ó ceapadh Ionchúisitheoir Idirchaidrimh agus Cúntóirí ón Ríocht Aontaithe chuig an nGníomhaireacht;

5. á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht maidir le cúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát coireacht trasteorann thromchúiseach agus eagraithe a ionchúiseamh; ag moladh a bhfuil déanta ag foireann dlíodóirí agus anailíseoirí dílsithe na Gníomhaireachta maidir le comhairle dlí, anailís agus cúnamh oibríochtúil a chur ar fáil, a raibh 466 chás a fuair tacaíocht dhíreach ón bhfoireann in 2021 mar thoradh air; á chur in iúl go molann sí an Ghníomhaireacht as tacaíocht trí réitigh físchomhdhála agus hibrideacha eile a thabhairt do 457 gcruinniú comhordúcháin agus 22 lárionad comhordúcháin in 2021, de bhreis ar na cruinnithe i láthair go pearsanta; ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di gur sholáthair an Ghníomhaireacht freagairtí tapa chun tacú leis na húdaráis bhreithiúnacha in 1 928 i gcásanna a bhí íogair ó thaobh ama de;

6. á chur in iúl gur geal léi gur fheabhsaigh an Ghníomhaireacht in 2021 a comhar straitéiseach le comhpháirtithe amhail Frontex, Europol agus eu-LISA sa limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais; á chur in iúl gur geal léi thairis sin gur síníodh an Socrú Oibre idir an Ghníomhaireacht agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) chun na modhanna comhair a chur chun feidhme go praiticiúil ina rialacháin faoi seach; á chur in iúl gur geal léi an cúnamh dlí agus oibríochtúil a tairgeadh do OIPE ina dhiaidh sin maidir le comhar a éascú le Ballstáit neamh-rannpháirteacha;

7. ag tacú le comhar na Gníomhaireachta le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) a neartú tuilleadh go háirithe maidir le rochtain ar dhlíodóirí, ar chearta íospartach agus ar fhadhbanna a bhaineann le coinníollacha coinneála;

**Beartas foirne**

8. ag tabhairt dá haire agus is maith léi go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 100 % ar an 31 Nollaig 2021, go raibh ceapacháin déanta i gcás 207 ngníomhaire shealadacha as 207 ngníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 204 cheapachán déanta as 207 bpost údaraithe in 2020); ag tabhairt dá haire freisin go raibh 30,5 gníomhaire sealadach agus coibhéis lánaimseartha 21 shaineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Ghníomhaireacht in 2021; ag tabhairt dá haire mar sin féin ón bhfreagra a thug an Ghníomhaireacht ar an údarás um urscaoileadh, go mba ábhar imní don Ghníomhaireacht nár leithdháileadh acmhainní daonna leordhóthanacha faoi chuimsiú CAI 2021-2027, go háirithe i gcomhthéacs méadú ar chúraimí agus éilimh go dtabharfadh an Ghníomhaireacht tacaíocht do chásanna oibríochtúla agus an t-ualach oibre breise mar thoradh ar chreat dlíthiúil nua Eurojust; á iarraidh ar an nGníomhaireacht agus ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach in idirphlé gníomhach chun aghaidh a thabhairt ar cheist an lín foirne neamhimleor ina beartas bhunaíochta amach anseo;

9. ag tabhairt dá haire gurb ann do easpa cothromaíochta inscne agus geografaí laistigh den Ghníomhaireacht le haghaidh 2021; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht gur seisear fear (67 %) agus triúr ban (33 %) a bhí san ardbhainistíocht agus sa mheánbhainistíocht, gur 18 bhfear (67 %) agus naonúr ban (33 %) a bhí ar bhord bainistíochta na Gníomhaireachta, agus gur foireann 77 bhfear (33 %) agus 158 mbean (67 %) a bhí ann ar fad; á iarraidh ar an nGníomhaireacht cothromaíocht inscne agus gheografach ar leibhéal na foirne a áirithiú amach anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a chur san áireamh a thábhachtaí atá sé cothromaíocht inscne a áirithiú nuair a bheidh comhaltaí dá gcuid á n-ainmniú acu ar bhord feidhmiúchán na Gníomhaireachta;

10. ag tabhairt dá haire agus is maith léi go bhfuil bearta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht faoi láthair agus iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh aici chun ciapadh a chosc; ag tabhairt dá haire gur ceapadh grúpa nua comhairleoirí iontaoibhe ó tháinig deireadh leis an sainordú roimhe sin; á chur in iúl gur geal léi gur thairg an Ghníomhaireacht oiliúint athnuachana maidir le ciapadh síceolaíoch agus gnéasach don fhoireann ar fad in 2021 agus oiliúint bhreise maidir le bainistiú coinbhleachta agus réiteach coinbhleachtaí do na comhairleoirí iontaoibhe agus do bhainisteoirí; ag tabhairt dá haire nár tuairiscíodh aon chásanna den chiapadh in 2021;

11. ag tabhairt dá haire agus is díol spéise di go ndearna an Ghníomhaireacht bearta inmheánacha chun maolú ar an teannas a bhí ar an bhfoireann de bharr teilea-oibriú ar feadh i bhfad, amhail bearta lenar áirithíodh an ceart chun dícheangal agus an ceart chun díriú ar obair; ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di, maidir leis an gceart chun díriú ar obair, gur tugadh isteach 'seachtainí malla' agus 'laethanta saor ó chruinnithe' chun laghdú ar an strus agus an ró-ualach digiteach de bharr cruinnithe fiorúla agus chun deis a thabhairt díriú ar chúraimí sonracha; á iarraidh ar an nGníomhaireacht na torthaí a fuarthas trí na bearta sin agus trí dhea-chleachtais i réimse na dea-bhaile foirne maidir lena comhar le gníomhaireachtaí dílárithe eile de chuid an Aontais a chomhroinnt;

12. ag tabhairt dá haire agus is maith léi go bhfuil pointe teagmhála sceithireachta ceaptha ag an nGníomhaireacht, trína dtugtar treoir iontaoibhe agus neamhchlaon don fhoireann faoi na rialacha foirne maidir le sceithireacht; á chur in iúl gur geal léi gur eagraíodh seisiún amháin san oiliúint eitice agus sceithireachta don fhoireann ar fad in 2021;

13. ag tabhairt dá haire gur earcaigh an Ghníomhaireacht 23 ghníomhaire shealadacha agus ar conradh in 2021 trí nósanna imeachta earcaíochta seachtracha; ag tabhairt dá haire go ndearnadh dhá cheapachán mar chúiteamh ar éifeachtaí obair pháirtaimseartha arbh ionann í agus coibhéis lánaimsire ar meán ar feadh na bliana; á chur in iúl gur geal léi, i gcomhréir le KPInna na Gníomhaireachta, gur imscaradh céatadán níos airde den fhoireann chuig róil oibríochtúla in 2021 ná in 2020; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, go bhfuil imscrúdú idir lámha ag OLAF, atá fós ar siúl, faoi líomhaintí go raibh neamhrialtachtaí ag baint leis an earcaíocht; ag tabhairt dá haire nach ndearna OLAF aon mholtaí don Ghníomhaireacht in 2021; á iarraidh ar an nGníomhaireacht comhar iomlán le OLAF a áirithiú agus tuairisciú tráthúil agus trédhearcach a dhéanamh leis an údarás buiséadach ar thoradh an imscrúdaithe;

14. ag tabhairt dá haire agus is maith léi go ndearna an Ghníomhaireacht Céim 1 den uirlis acmhainní daonna SYSPER a chur chun feidhme, agus go raibh na modúil tosaigh ar fáil i mí Mheán Fómhair 2021; ag spreagadh na Gníomhaireachta chun leanúint de mhodúil eile a chur chun feidhme d'fhonn bainistiú a hacmhainní daonna a fheabhsú;

**Soláthar**

15. ag tabhairt dá haire gur tugadh 51 nós imeachta soláthair i gcrích in 2021 arbh fhiú EUR 42 249 672 iad ina n-iomláine; á aithint go ndearna an Chúirt iniúchóireacht ar an nGníomhaireacht faoi chuimsiú iniúchadh feidhmíochta maidir le 'dúliostú oibreoirí eacnamaíocha', lenar cumhdaíodh an Chóras Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES), chun a mheas an bhfuil leas éifeachtach á bhaint as an eisiamh chun cistí Aontais a chosaint ar fhaighteoirí nach féidir brath orthu; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi chonclúidí na hiniúchóireachta, a luaithe a bheidh siad ar fáil;

16. á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh tairiscintí leictreonacha agus ríomhaighneacht tairiscintí a ghlacadh agus a chur chun feidhme mar chuid de dhigiteáil na nósanna imeachta soláthair, agus go bhfuil Uirlis Bainistíochta Soláthair Phoiblí (PPMT) á tástáil faoi láthair; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisciú don údarás um urscaoileadh faoi chur chun feidhme PPMT agus leanúint dá nósanna imeachta soláthair a dhigiteáil;

17. ag tabhairt dá haire, de réir bharúil na Cúirte ina tuarascáil iniúchóireachta don bhliain airgeadais 2020, go raibh an nós imeachta soláthair maidir le feithiclí a léasú i ndáil le creatchonradh a síníodh in 2018 neamhrialta; ag tabhairt dá haire gur luaigh an Chúirt maidir leis na híocaíochtaí uile ina dhiaidh sin, bunaithe ar an gconradh sin, go raibh siad neamhrialta, agus gurbh ionann na híocaíochtaí sin in 2021 agus EUR 34 022; ag aithint fhreagra na Gníomhaireachta go ndearnadh foráil maidir le leigheasanna do chásanna den sórt sin; á chur i bhfios go láidir go bhféadfaí baint de chlú na Gníomhaireachta de bharr cásanna den sóirt sin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar an gcinneadh sin gan a thuilleadh moille agus na réitigh a sainaithníodh a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

**Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht**

18. á aithint go bhfuil bearta idir lámha ag an nGníomhaireacht i láthair na huaire agus go bhfuil iarrachtaí leanúnacha ar bun aici chun trédhearcacht coinbhleachtaí leasa a áirithiú agus iad a chosc agus a bhainistiú; ag tabhairt dá haire gur ghlac an Ghníomhaireacht straitéis frithchalaoise nua ar an 21 Meitheamh 2021 tar éis di measúnú riosca calaoise a sheoladh sa chéad leath de 2021; á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an measúnú riosca go raibh an riosca calaoise sa Ghníomhaireacht sách íseal;

19. á aithint go bhfuil gnáthnós imeachta ag an nGníomhaireacht maidir le coinbhleachtaí leasa a bhainistiú; ag tabhairt dá haire agus is díol spéise di go n-iarrtar freisin ar na comhaltaí foirne uile atá ag imeacht as an nGníomhaireacht foirm a líonadh ag iarraidh cead dul le gairm bheatha as sin go ceann dhá bhliain chun a áirithiú nach mbeidh aon choinbhleacht leasa idir an post a bheidh acu amach anseo agus an fhostaíocht acu sa Ghníomhaireacht; á chur in iúl gur geal léi go bhfoilsíonn an Ghníomhaireacht ar a suíomh gréasáin dearbhuithe leasa agus CVanna a comhaltaí náisiúnta, ionadaí an Choimisiúin ar an mbord bainistíochta, agus an stiúrthóra riaracháin; á chur in iúl gurb oth léi, mar sin féin, nach ndéantar CVanna na hardbhainistíochta, na saineolaithe seachtracha agus shaineolaithe inmheánacha a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht na CVanna sin a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin gan a thuilleadh moille;

**Rialú inmheánach**

20. á chur in iúl gur geal léi measúnú na Gníomhaireachta ar a córas rialaithe inmheánaigh, a tháinig ar an gconclúid go bhfuil prionsabail uile an rialaithe inmheánaigh i láthair agus ag feidhmiú, agus gan ach mioneasnaimh ann dár foráladh bearta ceartaitheacha;

21. ag tabhairt dá haire nach ndearnadh ach athbhreithniú teoranta ar chur chun feidhme chreat dlíthiúil nua na Gníomhaireachta; á thabhairt chun suntais gur chuir an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach (IAS) dhá mholadh sa tuarascáil iniúchóireachta Dheireanach a tíolacadh i mí Eanáir 2021, ar bhain moladh amháin díobh le gníomhartha na Gníomhaireachta chun a tionscnamh féin maidir le cúraimí oibríochtúla a chur chun feidhme, agus ar bhain an ceann eile leis an riachtanas clár bainistíochta riosca na Gníomhaireachta a uasdátú; ag tabhairt dá haire, de réir phlean gnímh na Gníomhaireachta a cuireadh isteach i mí Feabhra 2021, go bhfuil na gníomhartha dár foráladh i gcás mholadh a haon idir lámha agus maidir leis na gníomhartha dár foráladh i gcás mholadh a dó gur marcáladh go bhfuil siad curtha i gcrích; á iarraidh ar an nGníomhaireacht moltaí IAS a chur chun feidhme go huile agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh faoin dul chun cinn a rinneadh;

22. ag tabhairt dá haire nach ndearnadh ach athbhreithniú teoranta ar chur chun feidhme chreat rialaithe inmheánaigh (ICF) nua na Gníomhaireachta; á thabhairt chun suntais gur mhol an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach don Ghníomhaireacht, sa tuarascáil iniúchóireachta Dheireanach a tíolacadh i mí Bealtaine 2021, suirbhé iCAT a dhéanamh chun an measúnú ar rialuithe boga a neartú mar chuid den mheasúnú foriomlán ar an gcreat rialaithe inmheánaigh; ag tabhairt dá haire gur beartaíodh, de réir phlean gnímh na Gníomhaireachta a cuireadh isteach i mí na Bealtaine 2021, an suirbhé iCAT inmheánach a dhéanamh in 2022; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá cuid oibre maidir le cur chun feidhme na moltaí uile agus tuairisciú don údarás buiséadach ina leith;

23. ag tabhairt dá haire gur tharla an chéad iniúchadh cosanta sonraí a rinne an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) ar ghníomhaíochtaí cosanta sonraí na Gníomhaireachta in 2021, agus gur chinn MECS, ar an iomlán, go raibh comhlíonadh na Gníomhaireachta leis an gcreat cosanta sonraí sásúil, gan aon saincheisteanna criticiúla a bheith ann;

**Digiteáil agus an t-aistriú glas**

24. ag tabhairt dá haire gur thionscain an Ghníomhaireacht cur chun feidhme chreat comhlíontachta EMAS (an scéim um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil)/ISO 14001; á chur in iúl gur geal léi, de réir sholáthróirí fuinnimh na Gníomhaireachta, gur ó fhoinsí fuinneamh inathnuaite a thagann 70 % dá foinsí fuinnimh; ag tabhairt dá haire thairis sin gur eagraigh an Ghníomhaireacht tairiscint phoiblí in 2021, mar chuid de Ghréasán chun Glasú an Aontais, le haghaidh an chórais bainistíochta comhshaoil, agus seirbhísí a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus a fhritháireamh;

25. ag tabhairt dá haire gur thionscain an Ghníomhaireacht roinnt tionscadal TFC in 2021 i réimsí amhail uirlisí físchomhdhála, cur chun feidhme leigheasanna, uirlisí earcaíochta leictreonacha; á chur in iúl gur geal léi maidir le huirlisí físchomhdhála gur lainseáil an Ghníomhaireacht tionscadal chun cur le líon na dteangacha ateangaireachta agus feabhas a chur ar an eispéireas úsáideora nuair a nasctar le ceann d'fhíschomhdhálacha na Gníomhaireachta;

26. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta chun faireachán a dhéanamh ar logaí slándála agus freagairt ar theagmhais chibearshlándála fhéideartha; ag tabhairt dá haire gur shínigh an Ghníomhaireacht Meabhrán Tuisceana le Foireann Práinnfhreagartha Ríomhaire d'Institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE(CERT-EU) in 2021 chun feabhas a chur ar an tacaíocht don chibearshlándáil agus ar an bhfaireachán loga; ag tabhairt dá haire thairis sin go bhfuil struchtúr cibearshlándála á fhorbairt ag an nGníomhaireacht chun teacht roimh chur chun feidhme an rialacháin atá beartaithe maidir le cibearshlándáil; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá tuairisciú don údarás buiséadach maidir leis an dul chun cinn ina leith;

27. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht na Gníomhaireachta mar Threoirghníomhaireacht i bpróiseas an Choimisiúin chun córas nuachóirithe cuntasóireachta agus bainistíochta airgeadais, SUMMA, a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht príomhthacaíocht úsáideora a chur ar fáil maidir le céimeanna difriúla chur chun feidhme SUMMA, ón anailís ceanglas agus sonrú go tástáil, aistriú sonraí agus rolladh amach agus a chur á tháirgeadh in 2022;

28. á chur in iúl gur geal léi na gníomhartha a rinne an Ghníomhaireacht in 2021 i dtreo tús a chur leis na príomhthionscnaimh ullmhúcháin chun córas bainistithe cásanna nua Eurojust a chur chun feidhme, ar tionscnaimh iad a bhfuil baint acu leis an togra reachtaíochta maidir le comhfhreagras i gcásanna a bhaineann le sceimhlitheoireacht dhigiteach trasteorann; á thabhairt chun suntais maidir leis an leithdháileadh cúraimí nua trí reachtaíocht atá á beartú nach mór é a dhéanamh ar bhealach comhordaithe maille le hacmhainní leordhóthanacha daonna agus buiséadacha a ngabhfaidh ag an am céanna go mbeidh leibhéal réasúnta solúbthachta ag gabháil leis chun nach mbeidh cásanna ann ina ndéanfar acmhainní a leithdháileadh ar bhealach míthráthúil;

**Leanúnachas gnó feadh na géarchéime COVID-19**

29. ag tabhairt dá haire gur lean foireann na Gníomhaireachta um leanúnachas gnó de bheith ag teacht le chéile ar bhonn seachtainiúil chun a áirithiú gur tugadh aghaidh go réamhghníomhach ar aon iarmhairt ar obair na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht bearta ceartaitheacha amhail aistrithe buiséid agus athbhreithniú inbhliana ar spriocanna KPI i gcás réimsí a raibh iarmhairtí orthu i gcónaí de bharr COVID-19;

30. ag tabhairt dá haire gur cruinnithe ar líne ab ea 83 % de na cruinnithe comhordúcháin in 2021, agus gur trí mhódúlachtaí hibrideacha a tharla 7 % díobh; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht tiomanta d'íoschéatadán cruinnithe comhordúcháin a reáchtáil ar líne i gcónaí nó trí mhodhanna hibrideacha agus roghnuithe ó chian a eagrú;

**Barúlacha eile**

31. ag tabhairt dá haire gur lean an Ghníomhaireacht dá comhlíontacht cosanta sonraí a neartú; á mheabhrú gur cruthaíodh clárlann gníomhaíochtaí próiseála ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 57 de rialachán na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire gur foilsíodh 82 thaifead ar ghníomhaíochtaí próiseála ar a suíomh gréasáin i ndeireadh 2021; á thabhairt chun suntais go bhfuair an toifigeach cosanta sonraí 6 iarraidh ar rochtain ar shonraí pearsanta i gcaitheamh na bliana agus gur láimhseáil sé iad;

32. á iarraidh ar an nGníomhaireacht dlús a chur lena hiarrachtaí agus faisnéis ábhartha feidhmíochta a thuairisciú do shaoránaigh an Aontais agus don phobal i gcoitinne i dteanga shoiléir agus inrochtana; ag tathant ar an nGníomhaireacht trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí níos fearr a áirithiú trí úsáid níos fearr a bhaint as cainéil na meán agus na meán sóisialta;

33. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál trasearnála a ghabhann lena cinneadh ar urscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ([2]) uaithi ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.